Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2026/1850

24.7.2026

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (CBES) 2026/1850 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 24 Iúil 2026**

**lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2011/235/CBES a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine agus eintitis áirithe i bhfianaise na staide san Iaráin**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 31(2) de,

Ag féachaint do Chinneadh 2011/235/CBES ón gComhairle an 12 Aibreán 2011 a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine agus eintitis áirithe i bhfianaise na staide san Iaráin [1], agus go háirithe Airteagal 3(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 12 Aibreán 2011, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2011/235/CBES.

(2) Sna conclúidí uaithi an 18 agus an 19 Meitheamh 2026, d'iarr an Chomhairle Eorpach ar réimeas na hIaráine deireadh a chur leis an bhforéigean agus leis an gcos ar bolg ar a mhuintir féin. D'iarr sí go n-urramófaí cearta uilíocha an duine agus saoirsí bunúsacha mhuintir na hIaráine, lena n-áirítear an ceart a dtodhchaí féin a roghnú. I ndáil leis an méid sin, luaigh sí go leanfaidh an tAontas de bheith ag obair ar bhearta sriantacha breise ina gcoinne siúd atá freagrach.

(3) Sa chomhthéacs sin, agus i gcomhréir le gealltanas an Aontais aghaidh a thabhairt ar gach ábhar imní a bhaineann leis an Iaráin, lena n-áirítear staid chearta an duine, ba cheart seisear a áireamh ar liosta na ndaoine agus na n-eintiteas atá faoi réir bearta sriantacha a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2011/235/CBES.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh 2011/235/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2011/235/CBES i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Iúil 2026.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

T. BYRNE

---

(1) IO L 100, 14.4.2011, lch. 51, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2011/235/oj.

*IARSCRÍBHINN*

Cuirtear na daoine seo a leanas le liosta na ndaoine agus na n-eintiteas a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2011/235/CBES:

Daoine

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| ‘276. | Mostafa NARIMANI<br>ar a dtugtar freisin an Dr. Mostafa NARIMANI | Feidhm: Breitheamh, Ceann Bhrainse 3 Cúirt Réabhlóideach Karaj, Cúige Alborz, an Iaráin<br>Dáta breithe: 3.9.1982<br>Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: fireann<br>Uimhir aitheantais náisiúnta: 321783001 | Is breitheamh Iaránach é Mostafa Narimani, Ceann Bhrainse 3 de Chúirt Réabhlóideach Karaj, Cúige Alborz, an Iaráin.<br>Mar bhreitheamh den Chúirt Réabhlóideach, bíonn sé i gceannas ar thrialacha a dhíríonn ar mhionlaigh reiligiúnacha agus ar easaontóirí polaitiúla ar bhonn cúisimh slándála náisiúnta agus reiligiúnacha atá sainithe go doiléir agus forchuireann sé pianbhreitheanna báis agus pianbhreitheanna fada príosúnachta sna cásanna sin. Tá sáruithe tromchúiseacha ar phróis chuí mar shaintréith de na himeachtaí a bhfuil Mostafa Narimani i gceannas orthu, lena n-áirítear ceistiúcháin fhada, admhálacha comhéignithe, agus diúltú rochtana ar dhlíodóir.<br>Dá bhrí sin, tá Mostafa Narimani freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin. | 24.7.2026 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 277. | Abolfazl Ameri SHAHRABI<br>ابوالفضل عامری شهرابی | Feidhm: Breitheamh, Ceann Brainse 1191, Cúirt Choiriúil den Dara Céim (Coimpléasc Breithiúnach Quds)<br>Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: fireann | Is breitheamh é Abolfazl Shahrabi de Bhrainse 1191, Cúirt Choiriúil den Dara Céim Tehran, Coimpléasc Breithiúnach Quds, agus iar-leas-ionchúisitheoir Arak.<br>Mar bhreitheamh i mBrainse 1191 de Chúirt Choiriúil Dara Céim Tehran, d'fhorchuir Abolfazl Shahrabi pianbhreitheanna príosúnachta, lascadh, fíneálacha agus pionóis fhorlíontacha ar dhaoine a ionchúisíodh i ndáil le hagóidí 2022 "Mná, Saol, Saoirse" tar éis bhás Mahsa Amini, agus a ionchúisíodh as neamhchomhlíonadh rialacha éigeantacha hijab. Tá téarmaí príosúnachta gearrtha aige freisin ar phríosúnaigh pholaitiúla agus ar ghníomhaithe ar son chearta an duine, lena n-áirítear buaiteoir Dhuais Nobel na Síochána, Narges Mohammadi.<br>Dá bhrí sin, tá Abolfazl Shahrabi freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin. | 24.7.2026 |
| 278. | Mehdi RASEKHI<br>مهدی راسخی | Feidhm: Breitheamh i mBrainse 3 de Chúirt Réabhlóideach in Rasht<br>Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: fireann | Is breitheamh é Mehdi Rasekhi de Bhrainse 3 den Chúirt Réabhlóideach in Rasht.<br>Sa cháil sin, bhí sé i gceannas ar thrialacha a dhírigh ar easaontaigh pholaitiúla, ar chosantóirí chearta an duine, ar ghníomhaithe ar son chearta na mban, agus ar bhaill de mhionlaigh reiligiúnacha. Tá pianbhreitheanna príosúnachta, fíneálacha agus pionóis eile forchurtha aige ar bhonn slándáil náisiúnta atá sainithe go doiléir agus ar bhonn cúisimh a bhaineann le bolscaireacht.<br>Dá bhrí sin, tá Mehdi Rasekhi freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin. | 24.7.2026 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 279. | Mohammad-Reza AMOOZAD<br>محمدرضا عموزاد<br>ar a dtugtar freisin Mohammadreza AMOUZAD MEHDIRAJI<br>ar a dtugtar freisin Mohammad-Reza AMOOZAD KHALILI | Feidhm: Breitheamh, Ceann Brainse 28 den Chúirt Réabhlóideach Tehran; Breitheamh comhairleach i mBrainse 15 de Chúirt Réabhlóideach Tehran<br>Dáta breithe: 21.3.1985<br>Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: fireann | Is é Mohammad-Reza Amoozad breitheamh ceannais i mBrainse 28 de Chúirt Réabhlóideach Tehran agus cuireann sé comhairle ar bhreitheamh i mBrainse 15 de Chúirt Réabhlóideach Tehran.<br>Sna cáileanna sin, bhí sé i gceannas ar thrialacha a bhí dírithe ar agóideoirí, ar easaontóirí polaitiúla, ar ghníomhaithe na sochaí sibhialta, ar mhná a bhí i gcoinne rialacha éigeantacha hijab agus ar bhaill de mhionlaigh reiligiúnacha. D'eisigh sé pianbhreitheanna báis, pianbhreitheanna fada príosúnachta, lomadh agus pionóis eile in imeachtaí ina bhfuil sáruithe tromchúiseacha ar an gceart chun triail chóir a fháil.<br>Dá bhrí sin, tá Mohammad-Reza Amoozad freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin. | 24.7.2026 |
| 280. | Mohammad-Reza TAVAKOLI<br>محمدرضا توکلی | Feidhm: Breitheamh, Ceann Bhrainse 1 de Chúirt Réabhlóideach Isfahan<br>Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: fireann | Is é Mohammad-Reza Tavakoli breitheamh ceannais ar Bhrainse 1 de Chúirt Réabhlóideach Isfahan.<br>Sa cháil sin, bhí sé i gceannas ar thrialacha a bhí dírithe ar agóideoirí, ar easaontaigh pholaitiúla agus ar bhaill de mhionlaigh reiligiúnacha. Sna himeachtaí sin, d'fhorchuir sé pianbhreitheanna báis, pianbhreitheanna fada príosúnachta, agus cineálacha eile pionóis ar bhonn chúiseanna slándála náisiúnta atá sainithe go doiléir, ar chúiseanna a bhaineann le bolscaireacht agus ar chúiseanna atá bunaithe ar reiligiún.<br>Tá Mohammad-Reza Tavakoli freagrach dá bhrí sin as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin. | 24.7.2026 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 281. | Nima SALEHI<br>عليرضا صالحی<br>ar a dtugtar freisin Alireza Salehi<br>ar a dtugtar freisin Q7x | Feidhm: Haiceálaí agus innealtóir ríomhaireachta, comhbhunaitheoir agus leascheannaire "Ashiyane"<br>Dáta breithe: 24.11.1984<br>Náisiúntacht: Iaránach<br>Insnce: fireann | Is haiceálaí agus innealtóir ríomhaireachta Iaránach é Nima Salehi.<br>Is bunaitheoir agus duine ceannródaíoch é sa chibearghrúpa "Ashiyane", atá nasctha le réimeas na hIaráine. Oibríonn "Ashiyane" i ndlúthchomhar leis na Cibearphóilíní (FATA) atá liostaithe ag an Aontas agus le Cór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí (IRGC) agus tá sé freagrach as dian-chibirionsaithe ar an bhfreasúra intíre, ar leasaitheoirí intíre agus ar institiúidí eachtracha araon. Chuidigh "Ashiyane" le cniogbheartaíocht an réimis ar an bhfreasúra a raibh go leor sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine i gceist léi.<br>Dá bhrí sin, ina cháil mar bhunaitheoir agus mar cheannaire in "Ashiyane", tá Nima Salehi freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin. | 24.7.2026'. |



ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2026/1850/oj